



Teilifís na Gaeilge

Cruinniú an 26 Eanáir 2026

Ceannáras TG4, Baile na hAbhann

Miontuairiscí

Tinreamh

Bhí Muireann Ní Chíobháin, Aedín O'Leary agus Sonia Nic Giolla Easbuig ar Zoom. Bhí na comhaltaí eile i mBaile na hAbhann (níl na comhaltaí nua ceaptha go fóill). Bhí Stiúrthóir Teicneolaíochta TG4 i láthair freisin.

1. Fáilte

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

Comhbhrón:

Rinneadh comhbhrón le Muireann Ní Chíobháin ar bhás a hathar agus le Róisín Ní Ráighne ar bhás a máthar. Rinneadh comhbhrón freisin le hAedín O'Leary ar bhás Sheáin Uí Shé, a bhí gaolta léi.

2. Deimhniú maidir le Leas Pearsanta

Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa le tabhairt ar aird acu seachas an méid a tugadh le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí mhí na Samhna.

4. Gnó ag éirí as na Miontuairiscí

Deimhníodh go bhfuil polasaí Gaeilge á chur i bhfeidhm maidir leis an méid Gaeilge atá ar chláracha nua-choimisiúnaithe.

Dúradh go raibh dáta foilsithe an Athbhreithnithe ar na Meáin Ghaeilge fós le socrú ag Coimisiún na Meán.

5. Tuairisc an Ard-Stiúrthóra

5.1 An Rialtas, An Roinn & Coimisiún na Meán

5.1.2 *Na Coimisinéirí Ioncaim:* Dúradh gur tháinig litir ó na Coimisinéirí Ioncaim le linn shaoire na Nollaig ina cuireadh in iúl go mbeadh an ráta NRV ag athrú go dtí modh nua bunaithe ar luach maoinithe TG4 (turnover method), agus go mbeadh an ráta seo siarghabhálach go 2022. Míníodh go mbeadh impleachtaí móra aige seo do TG4 agus gur cuireadh sin in iúl don Roinn (don Ard-Rúnaí & Rúnaí Cúnta) agus don C&AG. Dúradh go raibh comhairle dlí á lorg ag PWC ar an gceist agus go mbeadh litir á dhréachtú acu le seoladh roimh an 30 Eanáir.

5.1.2 *An Rialtas:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinniú le Príomhoifigeach na nEalaíon Scannán agus Infheistíochta na Roinne Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ann an 15 Nollaig chun eolas a fháil faoin gcreidmheas cánach corparáide i leith léiriúcháin gan script (Alt 487A) a cuireadh i bhfeidhm roimh Nollaig. Dúradh go raibh deiseanna ann don earnáil mar go bhfuil faisnéis maille le seánraí eile incháilithe don fhaoiseamh cánach seo.

5.1.3 *ASPC & Lucht Féachana 2025:* Dúradh go raibh spriocanna ASPC 2025 nach mór bainte amach. Léiríodh go raibh fás ar an sciar lucht féachana don chúigiú bliain as a chéile agus an sprioc 2.3% bainte amach. Dúradh go raibh fás 28% ar Sheinnteoir TG4, fás 22% ar Sheinnteoir Cúla4 agus 16% ar radhairc ar na meáin shóisialta.

Ghabh an Bord buíochas leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an bhfoireann as na dea-thorthaí agus spriocanna uailmhianacha a bhí bainte amach acu.

5.1.4 *ASPC 2026 & Coimisiún na Meán:* Míníodh go raibh go leor oibre déanta ar ASPC 2026, a bhí faoi bhráid an bhoird inniu. Dúradh go raibh cruinniú á shocrú ag Coimisiún na Meán faoi Nuacht TG4 agus moladh 7.1 le TG4 agus RTÉ, agus go mbeadh cruinniú le Coimisinéir Forbartha na Meán an 27 Eanáir faoi Moladh 7.2.

5.1.5 *Ciste Nua an Oileáin Chomhroinnte:* Tugadh le fios go raibh cruinniú le foireann Fís & Fuaim Choimisiún na Meán an 12 Nollaig chun an ciste maoinithe nua, Oileán Comhroinnte, a phlé. Dúradh go mbeadh €14m ar fáil faoin gciste thar trí bliana (2026, 2027, 2028), agus go bhfógrófaí babhta i mí Bealtaine 2026.

5.1.6 *Nuacht TG4 agus Moladh 7.1:* Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinniú aici le foireann Nuacht TG4 an 11 Nollaig maidir le mianta TG4 don

tseirbhís Nuachta. Dúirt sí go raibh tús á chur an mhí seo le céimeanna beaga chun idirdhealú a dhéanamh idir Nuacht TG4 agus Nuacht RTÉ, agus cé nach mbainfí neamhspleáchas eagarthóireachta amach leo seo amháin, go mbeifí ag cur leis seo de réir a chéile.

5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht

5.2.1 *Buiséad Coimisiúnaithe Oscailte 2026:* Dúradh go bhfuarthas os cionn 100 iarratas ar an mbabhta oscailte roimh Nollaig agus go raibh gearrliosta déanta. Dúradh go mbeadh babhta eile le fógairt go luath a bheadh dírithe ar chomhlachtaí nua agus ar sheánraí ar leith.

5.2.2 *Ócáidí:* Luaigh an tArd-Stiúrthóir gur seoladh *Gradam@Expo 2025* an 9 Nollaig i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Seoladh an tsraith nua de Laochtra Gael an 13 Eanáir i mBÁC. Dúradh go mbeadh an chomhdháil Women in Film & TV International Summit ar siúl in Áth Dara ag tús mhí Feabhra agus Fís Summit ar siúl i nGaillimh an 26 & 27 Feabhra. Luadh freisin go mbeadh Lá na Léiritheoirí ar siúl sa Ghaillimh an 3 Márta.

5.3 Acmhainní Daonna, An Teicneolaíocht, Conarthaí, Cúrsaí Dlí agus Cúrsaí Foirne

5.3.1 Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go mbeadh an t-atheagar foirne ag leanúint ar aghaidh as seo go deireadh Márta.

Dúradh go raibh na hagallaimh do phost an Stiúrthóra Ábhair ar siúl ar 12 Eanáir agus go raibh na hagallaimh do phost an Cheannaire Nuachta agus Cúrsaí Reatha ar siúl an 22 Eanáir. Dúradh go bhfógrófaí an post Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí i mí Eanáir agus go mbeadh freagracht Acmhainní Daonna mar chuid den ról seo.

Tugadh eolas faoi na postanna atá líonta le cúpla mí anuas.

5.3.2 *Cruinnithe an Ard-Stiúrthóra:* Luadh go raibh plé ag an Ard-Stiúrthóir le Údarás na Gaeltachta faoin bpost do Bhainisteoir Cláir don chomhaontú forbartha earnála agus oiliúna.

5.4 Miontuairiscí

Roinneadh miontuairiscí na gCruinnithe Ardbhainistíochta ar an mBord.

6. Gnó an Chathaoirligh

- 6.1 *Ócáidí:* Mhol an Cathaoirleach an ócáid seolta do *Gradam Ceoil @Expo* a raibh Ambasadóir nua na Seapáine i láthair aige.
- 6.2 *Ainmniúcháin:* Thréaslaigh an Cathaoirleach le lucht na scannán Aontas agus Báite as a gcuid ainmniúchán ag na IFTAs a bheidh ar siúl an 20 Feabhra.
- 6.3 *Comhaltaí nua Boird:* Thug an Cathaoirleach le fios go mbeadh próiséas roghnúcháin na gcomhaltaí boird nua ar siúl Dé Céadaoin an 28 Eanáir.
- 6.4 *Athruithe Cánach:* D'iarr an Cathaoirleach go ndéanfaí cur i láthair don Bhord ag an chéad chruinniú eile faoin dul chun cinn ar na hathruithe cánach.

Gníomh: le cur i láthair ag an CCE.

7. Ráitis maidir le Gealltanais Feidhmíochta (ASPC)

Thug an Stiúrthóir Airgeadais achoimre ar na Gealltanais Feidhmíochta do 2026 agus ar an chaipéis a cuireadh ar fáil don Bhord.

Luaigh na comhaltaí roinnt foclaíochta atá le leasú.

Pléadh an dúshlán a bhain le lucht féachana a aimsiú don phríomh-am féachana. Chuir na comhaltaí a n-imní in iúl go raibh an iomarca béime chúrsaí Spóirt. Moladh go dtabharfaí tús áite d'ábhar Gaeilge sa bpríomh-am féachana. Aontaíodh go mbeadh lá straitéise ag an Bhord nuair a bheadh na Comhaltaí Boird nua ceaptha.

Gníomh: Glacadh leis na Gealltanais do 2026.

8. Tuairisc ó na Fochoistí Boird

8.1 Cruinniú an Choiste Luach Saothair 28/11.

Thug Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair achoimre ar chruinniú an 28/11. Luadh an plé a deineadh ar obair an SPRC.

Dúradh go raibh uasdátú á dhéanamh ar théarmaí tagartha an Choiste.

9. Tuairisc ar an Lucht Féachana

Tugadh eolas maidir le Lucht Féachana mhí na Nollag. Bhain TG4 sciar 2.4% amach i mí na Nollag. D'éirigh go maith le Spórt TG4 agus scannáin, An Cailín Ciúin ina measc. D'éirigh go maith freisin leis na sraitheanna nua Hector Oz / NZ, Scoil Cheoil an Earraigh, Christy Moore agus Fleadh Cheoil (na Bannaí Céilí). Bhí an scannán Nollaí, Hector, Oileán Glas Fásach Bán agus Ros na Rún ar na cláracha ba mhó féachana ar an seinnteoir.

11. Léargas Seachtrach: NIS2

Thug Ian Travers, CH Consulting, cur i láthair cuimsitheach don Bhord faoi dhualgais TG4 i leith NIS2, treoir dlí na hEorpa ar chibearshlándáil.

12. Riarachán Boird

Ní raibh aon cheo.

13. Conradh 200k – 500k


Nótáladh conarthaí idir 200k agus 500k.

Gníomh: le nótaíl

14. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ghnó eile.

Críoch

Síniú  1915C394004440Z

Dáta 02 Márta 2026